

Tuarascáil Bhliantúil de Bhinse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais na hÉireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020

(De bhun Alt 57 W d’Acht an Bhainc Ceannais 1942 agus a cuireadh isteach le hAlt 28 d’Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003.)

1. Bunaíodh Binse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (“BASAÉ” nó “an Binse”) de bhun Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003 (“Acht 2003”).

Comhaltas an Bhinse

2. Ag tús 2020 bhí seachtar comhalta ar an mBinse a bhí ainmnithe ag an Rialtas agus ceaptha ag Uachtarán na hÉireann. Bhí an tOnórach John D. Cooke, Abhcóide Sinsir, Cathaoirleach, iar-Bhreitheamh ó Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh agus in Ard-Chúirt na hÉireann, mar fheidhmeannach an Bhinse. Rinne Uachtarán na hÉireann an Cathaoirleach a athcheapadh don Bhinse ar feadh téarma cúig bliana i mí an Mheithimh 2020. Ceapadh Patricia O’Sullivan Lacy, Abhcóide Dlí, mar Leaschathaoirleach ar feadh téarma cúig bliana i mí Dheireadh Fómhair 2019.
3. Is iad seo a leannas gnáthchomhaltaí an Bhinse: Conor Power, Abhcóide Sinsir; Paul Brennan, Aturnae; Helen Collins, Aturnae, Eilis Brennan, Abhcóide Sinsir; agus Úna Tighe, Abhcóide Sinsir.
4. Rinne Uachtarán na hÉireann Conor Power, Paul Brennan agus Helen Collins a athcheapadh don Bhinse ar feadh téarma cúig bliana i mí na Samhna 2018. Rinne Uachtarán na hÉireann Eilis Brennan agus Úna Tighe a athcheapadh ar feadh téarma cúig bliana i mí Dheireadh Fómhair 2019.
5. Ceapadh Helen-Claire O’Hanlon, Abhcóide, mar Chláraritheoir an BASAÉ ar feadh téarma trí bliana i mí Bealtaine 2019.

6. Comhlíonann ballraíocht an Bhinse leis an riachtanas i dtaobh cothromaíocht inscne i gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.
7. Tá oifigí an Bhinse lonnaithe ag 4/5 Cearnóg Arran, Lána Lincoln, Cé Arran, Baile Átha Cliath 7. D07 CTX4; Suíomh gréasáin www.ifsat.ie agus Seoladh r-phoist: registrar@ifsat.ie.

Nósanna Imeachta Achomhairc

8. Is comhlacht gar-bhreithiúnach é an BASAÉ le cumhachtaí reachtúla chun achomhairc a éisteacht agus cinneadh a dhéanamh fúthu ó chinntí áirithe a thugann an Banc Ceannais, is iad sin ‘cinntí inachomhairc’ mar atá sainmhínithe ag Alt 11 d’Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2004.
9. Cuirtear tús le hachomharc don BASAÉ trí Fhógra Achomhairc a chuir faoi bhráid an Bhinse. Bíonn ceithre lá dhéag ansin ag an mBanc Ceannais a Fhreagra ar an achomharc a thabhairt. (Tá foirmeacha maidir le Fógra Achomhairc agus Freagra ar fáil ar shuíomh gréasáin an BASAÉ.) I ndiaidh do na páirtithe na páipéir a mhalartú agus réamhcheistanna a phlé, tabharfaidh an triúr comhalta, ainmnithe ag an gCathaoirleach mar an painéal sannta don chás, éisteacht don achomharc agus déanfaidh siad cinneadh faoi.
10. Tá fáil ar orduithe agus ar chinntí scríofa na n-achomharc ar shuíomh gréasáin an BASAÉ: www.ifsat.ie.

Achomhairc

1. Trí Fhógra Achomhairc dar dáta an 22 Samhain 2019, thug Bryan Dobson fógra achomhairc don BASAÉ ó chinneadh an Bhainc Ceannais clarú a chomhlachta mar idirghabhálaí árachais a chur ar ceall.¹ Lorg an Banc Ceannais síneadh ama chun

¹ Féach Tuarascáil Bliantúil 2019 alt 14

Freagra ar an Achomharc a chur faoi bhráid an Bhinse agus deonaíodh an síneadh ama sin ar 18 Nollaig 2019.

2. Shann an Cathaoirleach painéal de thriúr, arb iad an Cathaoirleach, an Leaschathaoirleach agus Úna Tighe, Abhcóide Sinsir, chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an achomharc.
3. Bhí Éisteacht maidir le Treoruithe ar an 11 Feabhra 2020. Níor fhreastal an Iarratasóir ar seo. Cuireadh an éisteacht maidir le treoruithe ar atráth go dtí 26 Feabhra 2020.
4. Ag an Éisteacht maidir le Treoruithe ar an 26 Feabhra 2020, d'aontaigh na páirtithe go ndéanfaí an Achomharc a aistarraingt agus dá réir sin, scriosadh amach an Achomharc gan Ordú ar bith maidir le costais.
5. Cuireadh Fógra Achomhairc amháin faoi bhráid an Bhinse i 2020.
6. Trí Fhógra Achomhairc dar dáta 27 Bealtaine 2020, thug Denis Riordan fógra achomhairc don BASAÉ ó chinneadh Measúnóir an Bhainc Angla-Éireannach , ceaptha de bhun Acht um an mBanc-Chorporáid Angla-Éireannach 2009. D'fhoilsigh an Measúnóir Cinneadh maidir le Luach na Scaireanna Aistrithe go dtí an Aire Airgeadais agus Cearta Múchta faoin Acht um an mBanc-Chorporáid Angla-Éireannach 2009.
7. Ina dhiaidh sin, scriosadh an achomharc amach de bharr neamhchomhlíonta le Rialacha BASAÉ 2008.
8. Lorg an tUasal Riordan cead ar athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh ar an gcinneadh an achomharc a scriosadh amach san Ard-Chúirt ar an 23 Meán Fómhair 2020. Thug an Chúirt treor go ndéanfaí an t-iarratas ar cead iar bhfógra an Bhinse.
9. Ag deireadh na bliana, bhí éisteacht an t-iarratas ar cead fós ar feitheamh.
10. Tá na cuntais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 ar fáil leis seo.

11. Foilseoidh an Binse an Tuarascáil seo dá bhforáiltear faoi Alt 57AW d'Acht an Bhainc Ceannais 1942 (arna leasú) i ndiaidh di dul faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus féadfaidh baill den phobal cóip a íoslódáil ó shuíomh greasáin an Bhinse.

An tOnórach John D. Cooke, Abhcóide Sinsir

Cathaoirleach

26 Márta 2021